RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/56 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid tartaraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí aigéid tartaraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ninghai Organic Chemical Factory, cód breise TARIC ([3]) A689, cuideachta atá faoi réir ráta dleachta frithdhumpála aonair 8,3 %, chuir sí in iúl don Choimisiún an 3 Meitheamh 2021 gur athraigh sí a hainm go Ningbo Jinzhan Biotechnology Co., Ltd.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dhearbhú nach ndéanann an t-athrú san ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta aonair frithdhumpála ab infheidhme maidir léi faoin seanainm a bhí uirthi roimhe sin.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus is é ba chonclúid don scrúdú go raibh an t-athrú san ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon chaidreamh nua ann le grúpaí eile cuideachtaí mar thoradh air, cuideachtaí nach raibh imscrúdaithe ag an gCoimisiún.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú san ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921, go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(6) Dheimhnigh an fhianaise sa chomhad freisin go raibh an t-athrú san ainm infheidhme ón 16 Bealtaine 2019 ar aghaidh, ó tharla gur thaifead Biúró um Fhaireachán Margaidh agus um Riarachán Chontae Ninghai an t-athrú an lá sin. Dá bhrí sin, ba cheart don athrú san ainm a theacht i bhfeidhm ón dáta sin ar aghaidh.

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm a sannadh roimhe seo do chód TARIC breise A689.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 164, 29.6.2018, lch. 14.
([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921 mar a leanas:

"Ninghai Organic Chemical Factory, Ninghai	A689"

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

"Ningbo Jinzhan Biotechnology Co., Ltd., Ninghai	A689"

2. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Ningbo Jinzhan Biotechnology Co., Ltd. de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/921 a mhéid a bhaineann le Ninghai Organic Chemical Factory, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN